

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi theach solais iargúlta (*an isolated lighthouse*) atá ar chósta thiar na hÉireann. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
teach cónaithe foirgneamh/foirgnimh	<i>automatic</i> <i>maintenance</i> <i>secluded</i>

1. Féach ar na háiteanna cónaithe thíos. Ar mhaith leat a bheith i do chónaí iontu? Cén fáth?



- Tá an teach solais sa chéad phictiúr ar oileán darb ainm 'An Tiaracht'. Is é an t-oileán is faide siar in Éirinn é. Cá bhfuil sé, dar leat?
- Cén fáth nach mbíonn daoine ina gcónaí i dtithe solais níos mó, dar leat?
- Cad ba cheart a dhéanamh leis na tithe cónaithe folmha atá in aice leis na soilse? Féach ar an bhfíseán beag [seo](#) chun tú a spreagadh. (Iad a leagadh? Óstán nó ionad cultúrtha a thógáil?)

Téigh go dtí an suíomh anseo.



B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. drochbhail	a. <i>maintenance</i>
2. córas uathobrithe	b. <i>plan, action</i>
3. cothabháil	c. <i>environmental conservation</i>
4. is sia	d. <i>a feat of engineering</i>
5. áit dhiamhair	e. <i>to put in order</i>
6. éacht innealtóireachta	f. <i>disrepair</i>
7. ligthe i léig	g. <i>secluded, eerie place</i>
8. beart	h. <i>priority</i>
9. ord agus eagar a chur (ar) ...	i. <i>furthest</i>
10. tús áite	j. <i>neglected</i>
11. oibreacha riachtanacha	k. <i>necessary operations</i>
12. caomhnú na timpeallachta	l. <i>automated system</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

2. Beidh na focail seo le cloisteáil sa mhír ar ball. Conas a scríobhfá iad sa Chaighdeán Oifigiúil? Cén chanúint lena mbaineann siad, dar leat?

Canúint _____	An Caighdeán Oifigiúil
ag maireachtaint	
foirgintí	

3. Cuir na focail thíos le chéile chun comhfhocail a chumadh:

(droch)(cuma)	
(sean)(foirgnimh)	
(príomh)(dualgas)	
(sean)(tithe)	

4. Líon an colún ar dheis leis na focail a bhfuil malairt bhrí acu leis na focail sa cholún ar chlé:

an t-iarthar	an t-oirthear
siar	
thiar	
aniar	

C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ráitis seo thíos. An bhfuil siad fíor nó bréagach? Cuir tic leis an bhfreagra ceart.

Na ráitis	Fíor	Bréagach
a) Is é solas na Tiarachta an solas is faide siar san Eoraip.		
b) Bhí sé deacair na staighrí agus na hardáin a thógáil ar an oileán.		
c) Bhí trí fhear solais déag ina gcónaí ar an oileán tráth.		
d) D'fhág an fear solais deireanach an t-oileán in 1988 de bharr na drochaimsire.		
e) Tá drochbhail ar na foirgnimh ó cuireadh córas uathoibríthe i bhfeidhm.		
f) Tá an Tiaracht mar chuid de Pháirc Náisiúnta na Mara.		
g) Deir Pádraig Firtéar go bhfuil an rialtas ag cur ord agus eagar ar na foirgnimh ar an oileán faoi láthair.		
h) Is é príomhdhualgas Choimisinéirí Soilse na hÉireann ná na tithe cónaithe a chothabháil.		

2. Féach ar an mír arís agus líon na bearnaí sa script. Bain úsáid as na focail Ghaeilge a phléigh tú faoi **B: FOCLÓIR**.

- Tá na seantithe in aice leis an teach solais _____ ó cuireadh _____ i bhfeidhm ar an oileán.
- Tabharfar _____ d'aon _____ ar mhaithe le _____.
- Tá imní ar mhuintir Chorca Dhuibhne faoin _____ atá ar na foirgnimh stairiúla.
- _____ a bhí ann staighrí agus ardáin a thógáil san _____ seo.
- Is beag _____ atá á déanamh ar sheantithe cónaithe lucht an tsolais.
- Tá _____ breise ag teastáil chun _____ ar an áit.
- Tá solas na Tiarachta ar an solas _____ siar san Eoraip.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint san aimsir láithreach)

a) Líon na bearnaí sna habairtí ón mír leis an leagan ceart den bhriathar:

Tá na seantithe lasmuigh dá réimse feidhmiúcháin.

Ach

Deir Coimisinéirí Soilse na hÉireann _____ na seantithe lasmuigh dá réimse feidhmiúcháin.

Scrúdaítear go rialta na foirgnimh ar an Tiaracht agus **tabharfar** tús áite d'aon oibreacha riachtanacha ar mhaithe le caomhnú na timpeallachta.

Ach

Deir an ráiteas _____ go rialta na foirgnimh ar an Tiaracht agus _____ tús áite d'aon oibreacha riachtanacha ar mhaithe le caomhnú na timpeallachta.

b) Féach ar na habairtí thíos anois. Cuir 'Deir siad' roimh gach abairt agus cuir na hathruithe cuí i bhfeidhm sna habairtí. Tá an chéad cheann déanta duit.

Is áit dhiamhair í.	<i>Deir siad gur áit dhiamhair í.</i>
Bíonn a lán turasóirí ag dul ann.	
Tá imní ann faoin drochbhail atá air.	
Téann na báid ann go minic.	
Is mór an trua é sin.	
Déantar obair chothabhála go rialta.	
Níl cónaí ar dhuine ar bith an áit.	

2: Saibhreas teanga (pointí ama)

a) Tá cló trom ar na focail/frásaí a bhaineann le cúrsaí ama ón script. Cad is brí leo?

Tá na tithe ligthe i léig **ó** cuireadh córas uathoibrithe ar bun.

Bhí tráth ann agus bhí suas le trí dhuine dhéag ag maireachtáil ann.

Tá droch-chuma tagtha ar an áit **le blianta beaga anuas**.

Deir an rialtas go scrúdaítear na foirgnimh **go rialta**.

b) Bain úsáid as na pointí ama thuas (a bhfuil cló trom orthu) chun abairtí a chumadh atá fíor fút féin.

c) Cuir do chuid abairtí i gcomparáid le habairtí an duine in aice leat.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo a leanas.

- a) Samhlaigí go bhfuil sibh i gceannas ar an Tiaracht (an t-oileán sa mhír). Caithfidh sibh duine éigin a fhostú (*to employ*) le hobair dheisiúcháin (*repair work*) a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla an tí solais. Déanaigí liosta de na buntáistí ar fad a bhainfeadh le bheith i do chónaí ar an oileán ar feadh cúpla mí. Bainigí úsáid as na focail sa bhosca.



Áit iargúlta, dhiamhair
 Áit shuaimhneach
 Áilleacht nádúrtha
 Fiadhúlra
 Aer úr
 Am saor
 Callán na cathrach
 Comharsana trioblóideacha

- b) Samhlaigí go bhfuil duine faighte agaibh leis an obair a dhéanamh. Déanaigí liosta de na rudaí ar fad a bhfuil drochbhail orthu agus den obair a bheidh le déanamh. Mar shampla:

- ✓ Tá cuid de na fuinneoga briste. Beidh ort fuinneoga nua a chur isteach.
- ✓



2: Scríobh

Ba mhaith leat an post faoi **Chaint** thuas a fhógairt ar Instagram. Roghnaigh cúpla pictiúr a chuirfidh tú ar Instagram chun an duine a mhealladh. Ansin, scríobh thart ar 5 líne chun daoine oiriúnacha a mhealladh. Cuir tús leis mar seo:

Ar mhaith leat a bheith i do chónaí ar oileán ar feadh píosa?

3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola

I gCorca Dhuibhne, tá inní faoin drochbhail atá ar fhoirgnimh stairiúla an tí solais ar an Tiaracht sna Blascaodaí. Is é solas na Tiarachta an solas is faide siar san Eoraip ach ó cuireadh córas uathobrithe i bhfeidhm ann, is beag cothabháil atá á déanamh ar sheantithe cónaithe lucht an tsolais.

Seán Mac an tSíthigh

Tá solas na Tiarachta ar an solas is sia siar san Eoraip. Áit dhiamhair agus éacht innealtóireachta, go mbaineadh¹ staighrí agus ardáin as an gcarraig lom ar a dtógfaí na tithe anseo. Lasadh an solas den gcéad² uair anseo sa Tiaracht in 1870. Bhí tráth ann agus bhí suas le triúr déag³ ag maireachtaint⁴ inti – na fir solais agus a gclann.

Tháinig an fear solais deiridh den gcarraig in 1988 nuair a cuireadh córas uathobrithe i bhfeidhm. Ach tá droch-chuma tagtha ar an áit seo le blianta beaga anuas, na seanfhoirgintí⁵ ligthe i léig ó cuireadh córas uathobrithe ar bun anseo agus gan ghá níos mó leis an lóistín atá ceangailte leis an solas ann.

Pádraig Firtéar, Fondúireacht an Bhlascaoid

Is mór an trua é sin, i ndáiríre, mar is cuid d'Oileáin na mBlascaodaí í an Tiaracht. Agus, mar a deirim, is cuid de Pháirc na Mara anois í. Agus léiríonn sé sin go dtug⁶ an rialtas faoi deara – agus gur ghlacadar leis – gur áit thábhachtach a bhí inti. Ach ní haon mhaitheas é sin; tá beart breise ag teastáil anois. Níor mhór pleanáil cheart a dhéanamh agus ord agus eagar a chur ar an áit sin.

Seán Mac an tSíthigh

I ráiteas, deir Coimisinéirí Soilse na hÉireann gurb é an príomhdhualgas atá orthu ná an solas a choimeád ar lasadh sa Tiaracht agus go bhfuil na seana-thithe⁷ lasmuigh anois dá réimse feidhmiúcháin. Deir an ráiteas go scrúdaítear go rialta na foirgintí ar an dTiaracht agus go dtabharfar tús áite d'aon oibreacha riachtanacha ar mhaithe le caomhnú na timpeallachta. Níor tugadh aon eolas, áfach, faoi obair chothabhála atá déanta nó beartaithe do na seanfhoirgintí.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhne.

¹ go mbaineadh = leagan canúnach de 'gur baineadh'

² Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

³ trí dhuine dhéag a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil

⁴ ag maireachtaint = leagan canúnach de 'ag maireachtáil'

⁵ foirgintí = leagan canúnach de 'foirgnimh'

⁶ go dtug = leagan canúnach de 'gur thug'

⁷ seana-thithe = leagan canúnach de 'seantithe'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ


A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Míneigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó seachas:

Ceist 2: Tá an Tiaracht mar chuid d’oileáin na mBlascaodaí agus is é an t-oileán is faide siar in Éirinn é.



Ceist 4: Seo an nasc - <https://www.airvuz.com/video/the-irish-light-?id=641c04a6df265c000823a8be>.

B: FOCLÓIR

1. Féach:

drochbhail	<i>disrepair</i>
córas uathoibríthe	<i>automated system</i>
cothabháil	<i>maintenance</i>
is sia	<i>furthest</i>
áit dhiamhair	<i>secluded, eerie place</i>
éacht innealtóireachta	<i>a feat of engineering</i>
ligthe i léig	<i>neglected</i>
beart	<i>plan, action</i>
ord agus eagar a chur (ar) ...	<i>to put in order</i>
tús áite	<i>priority</i>
oibreacha riachtanacha	<i>necessary operations</i>
caomhnú na timpeallachta	<i>environmental conservation</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
f	l	a	i	g	d	j	b	e	h	k	c

- Canúint na Mumhan atá ann: ag maireachtaint – ag maireachtáil; foirgintí – foirgnimh.
- Téigh siar ar na rialacha seo leis na foghlaimeoirí sula dtabharfaidh siad faoin gcleachtadh:

- Cuirtear séimhiú ar an dara focal i gcomhfocal, ach amháin nuair a thagann d, n, t, l nó s le chéile.
- Cuirtear fleiscín idir an dá fhocal má chríochnaíonn an chéad fhocal agus an dara focal le guta nó má thosaíonn an dara focal leis an gconsan céanna lenar chríochnaigh an chéad cheann.

Féach:

(droch)(cuma)	droch-chuma
(sean)(foirgnimh)	seanfhoirgnimh
(príomh)(dualgas)	príomhdualgas
(sean)(tithe)	seantithe

- Féach:

an t-iarthar	<i>an t-oirthear</i>
siar	<i>soir</i>
thiar	<i>thoir</i>
aniar	<i>anoir</i>

C: TUISCINT

- Féach:
 - Fíor.
 - Fíor. Éacht innealtóireachta a bhí ann.
 - Bréagach. Ní fir sholais amháin a bhí i gceist. Bhí clanna na bhfear mar chuid den 13.
 - Bréagach. D'fhág sé an t-oileán mar cuireadh córas uathoibríthe i bhfeidhm.
 - Fíor.
 - Fíor.
 - Bréagach. Léirigh an rialtas go bhfuil tábhacht ag baint leis na foirgnimh ach níl aon rud beartaithe acu le dul i ngleic leis an bhfadhb.
 - Bréagach. An príomhdualgas atá orthu ná an teach solas a choinneáil ar lasadh.

- Féach:

- Tá na seantithe in aice leis an teach solais **ligthe i léig** ó cuireadh **córas uathoibríthe** i bhfeidhm ar an oileán.
- Tabharfar **tús áite** d'aon **oibreacha riachtanacha** ar mhaithe le **caomhnú na timpeallachta**.
- Tá imní ar mhuintir Chorca Dhuibhne faoin **drochbhail** atá ar na foirgnimh stairiúla.
- Éacht innealtóireachta** a bhí ann staighrí agus ardáin a thógáil san **áit dhiamhair** seo.
- Is beag **cothabháil** atá á déanamh ar sheantithe cónaithe lucht an tsolais.
- Tá **beart** breise ag teastáil chun **ord agus eagar a chur** ar an áit.
- Tá solas na Tiarachta ar an solas **is sia** siar san Eoraip.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint san aimsir láithreach)

a) Féach:

Tá na seantithe lasmuigh dá réimse feidhmiúcháin.

Ach

Deir Coimisinéirí Soilse na hÉireann **go bhfuil** na seantithe lasmuigh dá réimse feidhmiúcháin.

Scrúdaítear go rialta na foirgnimh ar an Tiaracht agus **tabharfar** tús áite d'aon oibreacha riachtanacha ar mhaithe le caomhnú na timpeallachta.

Ach

Deir an ráiteas **go scrúdaítear** go rialta na foirgnimh ar an Tiaracht agus **go dtabharfar** tús áite d'aon oibreacha riachtanacha ar mhaithe le caomhnú na timpeallachta.

b) Féach:

Is áit dhiamhair í.	<i>Deir siad gur áit dhiamhair í.</i>
Bíonn a lán turasóirí ag dul ann.	<i>Deir siad go mbíonn a lán turasóirí ag dul ann.</i>
Tá imní ann faoin drochbhail atá air.	<i>Deir siad go bhfuil imní ann faoin drochbhail atá air.</i>
Téann na báid ann go minic.	<i>Deir siad go dtéann na báid ann go minic.</i>
Is mór an trua é sin.	<i>Deir siad gur mór an trua é sin.</i>
Déantar obair chothabhála go rialta.	<i>Deir siad go ndéantar obair chothabhála go rialta.</i>
Níl cónaí ar dhuine ar bith san áit.	<i>Deir siad nach bhfuil cónaí ar dhuine ar bith san áit.</i>

2: Saibhreas teanga (pointí ama)

Féach:

Ó – *since*

Bhí tráth ann – *there was a time*

Le blianta beaga anuas – *for a few years now*

Go rialta – *regularly*

E: CUMARSÁID

1: Caint

Is gníomhaíocht dúshlánach go leor í an ceann seo. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú agus ag éisteacht leis na foghlaimeoirí le linn na cainte. Is féidir leat cúpla abairt shamplach a scríobh ar an gclár, más gá. Mar shampla:

- a) Is áit dhiamhair agus iargúlta í an Tiaracht. / Bíonn daoine ar a suaimhneas san áit shuaimhneach seo. / Baineann an áilleacht nádúrtha geit asat agus tú anseo. / Más mian leat éalú ó chomharsana trioblóideacha, ní bheidh aon duine ag cur as duit san áit seo.
- b) Scríobh an stór focal a bhaineann le teach a dheisiú ar an gclár:

díon/sclátaí/ballaí/doirse/fuinneoga/clóis/ an ché
a chóiriú / a dheisiú / a phéinteáil / a thógáil / a phlástráil

2: Scríobh

Iarr orthu fógra gearr a scríobh chun an post ar an oileán a fhógairt. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag baint úsáide as an teanga a pléadh faoi **Caint**.

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláilochta



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeilge, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaelic, Sport and Media

